C/2025/6349

21.11.2025

Foilsiú iarratais ar chlárú táisc gheografaigh de bhun Airteagal 15(4) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(C/2025/6349)

Laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó a bhfuil cónaí air i dtríú tír, freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le táirgí talmhaíochta

‘Liptovská bryndza’

Uimh. AE: PDO-SK-03316 — 12.8.2024

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

‘Liptovská bryndza’

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC ☒ TGFC ☐

3. **Tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

An tSlóvaic

4. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta**

4.1. *Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir le ceannteideal agus cód na hAinmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143*

04 — TÁIRGÍ DÉIRÍOCHTA; UIBHEACHA ÉAN; MIL NÁDÚRTHA; TÁIRGÍ DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH, NACH bhFUIL SONRAITHE NÁ ÁIRITHE IN ÁIT EILE

0406 — Cáiseanna agus gruth

4.2. *Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe*

Is cáis caorach bhog chumaiscthe é ‘Liptovská bryndza’ i bhfoirm ghráinneach, a mbíonn blas séimh, beagáinín searbh air. Táirgtear é de réir modh traidisiúnta. Tagann cnapcháis caorach ó bhainne caorach úr-eastósctha gan cóireáil teasa. Nuair a dhéantar í a aosú, déantar ‘Liptovská bryndza’ di trína bhrú, a mheilt agus a mheascadh le salann nó le tuaslagán salainn sainullmhaithe. Is as an micreaflóra nádúrtha atá sa chnapcháis a eascraíonn airíonna céadfacha na cáise, ar cnapcháis í a thagann ó bhainne caorach amh trí úsáid a bhaint as an modh táirgthe speisialta.

Saintréithe

Dath: idir bán agus scothbhuí (ach gan bheith buí).

Raimhre: cáis mhín inleata i bhfoirm ghráinneach; ní ceadmhach é a bheith gainmheach, rubarúil ná olartha.

Dea-bholadh agus blas: an blas a bhíonn ar cháis caorach, blas atá séimh, deas searbh, beagáinín spíosrach agus goirt; ní ceadmhach é a bheith róshearbh, giostach, sailleach, sobalach, bréan, lofa, géar, spíosrach, ná aon bhlas neamh-inmhianaithe eile a bheith air.

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

Déantar an táirge a thástáil ag teocht 18-20 °C.

Comhdhéanamh

— 100 % cnapcháis caorach.

— Ábhar tirim: 50,0 % w/w ar a laghad.

— Saill san ábhar tirim: 50,0 % w/w ar a laghad.

— Salann inite amhail NaCl: nach mó ná 2 % w/w.

— Uisce óil: nach mó ná 50,0 %.

— Cion próitéine: 21,0 %.

— Cion carbaihiodráite: 1,0 %.

Saintréithe Micribhitheolaíocha

Is cáis aibí atá inleata go nádúrtha é 'Liptovská bryndza' ina mbíonn raon leathan miocrorgánach ó nádúr, arb éard a bhíonn ann go príomha: *Lactobacillus, Enterococcus, Lactococcus, Streptococcus, Kluyveromyces marxianus* agus *Geotrichum candidum*. Ní ceadmhach aon mhiocrorgánach pataigineach a bheith ann.

4.3. *Maoluithe ar fhoinsiú beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch arna n-ainmniú le hAinmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint agus sa chás sin amháin) agus srianta ar fhoinsiú amhábhar (i gcás táirgí próiseáilte arna n-ainmniú le Tásc Geografach faoi Chosaint agus sa chás sin amháin)*

Na móinéir agus na féaraigh a mbíonn caoirigh ag innilt orthu, agus ina bhfaightear an t-amhábhar bunúsach chun 'Liptovská bryndza' a dhéanamh — bainne caorach, tá siad lonnaithe sna sléibhte agus sna bunchnoic is airde, ar fho-ithir aolchloiche. Is é comhdhéanamh luibheolaíoch na móinéar agus na bhféarach: seamair bhán, seamair dhearg, feisciú dearg, feisciú móinéir, cuise mín agus coirce buí.

Le linn an gheimhridh, déantar caoirigh a bheathú le féar tirim móinéir de na cineálacha seimre agus féir thuasluaite.

80 % de na caoirigh a thógtar, is pórtha dúchasacha agus feabhsaithe de chuid na Valáice iad, pórtha atá frithsheasmhach in aghaidh dálaí sléibhe crua agus aimsir fhuar, agus caoirigh Cigaya, caoirigh na Freaslainne Thoir, agus caoirigh Lacaune, pórtha atá oiriúnach chun bainne caorach (ardtáirgeacht bainne), agus crosphórtha díobh sin.

Is é bainne caorach an t-amhábhar bunúsach, as a ndéantar cáis caorach. Déantar é sin a phróiseáil ansin trí úsáid a bhaint as an modh traidisiúnta chun 'Liptovská bryndza' a dhéanamh de. Faightear bainne caorach amh sa limistéar geografach sainithe.

Maidir le cáis caorach a tháirgeadh agus í a phróiseáil chun cnapcháis caorach a dhéanamh di atá beartaithe chun 'Liptovská bryndza' a tháirgeadh, déantar an méid sin sa limistéar geografach sainithe sléibhe agus foshléibhe amháin.

Tá cion níos airde próitéine (5-6 %), cailciam agus vitimíní i mbainne caorach, mar aon le comhdhéanamh saille idéalach a bheith aige, idir 7 agus 8 %.

4.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Bainne caorach amh a fháil ón limistéar geografach sainithe

Cnapcháis caorach a tháirgeadh (amhábhar bunúsach)

'Liptovská bryndza' a tháirgeadh

— Cnapcháis a shórtáil agus a aibiú

— Fáscadh

— Meilt agus muilleoireacht

— Meascadh le salann nó sáile

agus tarlaíonn gach céim táirgthe sa limistéar geografach sainithe.

4.5. *Rialacha sonracha maidir le pacáistiú, sliseadh, grátáil etc. an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

4.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

—

5. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Tá réigiún Liptov suite i dtuaisceart na Slóvaice, in oirdheisceart Réigiún Féinrialaitheach Žilina. Tá sléibhte agus a mbunchnoic sa limistéar. Is é an rud a dhéanann an lár Imchuach Liptov, a bhfuil na Tatra Arda ar an taobh thoir de, Sléibhte Tatra Thiar agus Choč ar an taobh thuaidh de, na Tatra Íseal ar an taobh deas de agus Veľká Fatra (Fatra Mór) ar an taobh thiar de. Ó thaobh na tíreolaíochta de, is limistéar dlúth é Liptov, arb éard atá ann ceantair Liptovský Mikuláš agus Ružomberok.

6. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an nasc cúisíoch bunaithe ar na dálaí ithreach agus aeráide, ar shaineolas na dtáirgeoirí sa limistéar geografach agus ar shainiúlacht agus cáilíocht 'Liptovská bryndza'.

Sainiúlacht an limistéir gheografaigh (dálaí aeráide ithreach)

Tosca nádúrtha

Ós rud é gur móinéir agus féaraigh is mó atá sna sléibhte agus sna bunchnoic seachas talamh arúil, tháinig an fheirmeoireacht caorach chun cinn. Mar gheall ar shuíomh agus tír-raon sléibhtiúil an réigiúin, bíonn an aeráid ann an-athraitheach. Tá meánteocht bhliantúil 6 °C sa chuid is séimhe den réigiún. Titeann an teocht nuair a théitear suas sna sléibhte agus ar na mullaigh bíonn sí idir 2 agus —30 °C. Cuireann móinéir agus féaraigh an aiste bia is nádúrtha agus is sláintiúla ar fáil do chaoirigh. Is sna sléibhte agus sna bunchnoic is airde atá na móinéir agus na féaraigh is fearr caighdeán, iad ar fho-ithir aolchloiche. Nuair a dhéantar an innilt in áiteanna níos airde, imríonn sé sin tionchar ar an gcion aigéid shailligh fhíor-riachtanaigh i mbainne caorach, rud a chuireann feabhas ar raimhre agus blas 'Liptovská bryndza'. Tá neart cailciam agus maignéisiam sna hithreacha aolchloiche. Laghdaíonn sé sin aigéadacht na hithreach, rud a spreagann fás féar agus luibheanna.

Is é comhdhéanamh luibheolaíoch na móinéar agus na bhféarach: seamair bhán, seamair dhearg, feisciú dearg, feisciú móinéir, cuise mín agus coirce buí. Saintréith de na féara sin is ea comhdhéanamh na gcothaitheach, na substaintí aramatacha agus na mianraí, rud a imríonn tionchar ar bhlas, boladh agus luach cothaitheach an bhainne caorach. Tarlaíonn an innilt ar mhóinéir ina bhfuil neart de na cineálacha féir sin, rud atá ina chúis le cion níos airde aigéad sailleach tairbheach, vitimíní agus frithocsaídeoirí i mbainne caorach, rud chuireann feabhas ar cháilíocht an bhainne.

Chomh maith leis na féara sin, tá féara sléibhe agus luibheanna le fáil sa limistéar freisin, amhail athair thalún, tím chreige, lus an tsagairt, lus an tsiocaire agus caisearbhán, a bhfuil cion ard blátholaí agus frithocsaídeoirí iontu. Is é an toradh a bhíonn air sin cion níos airde aigéad sailleach fíor-riachtanach i mbainne na gcaorach, rud a thugann blas cumhra, beagáinín géar dó — agus do 'Liptovská bryndza' dá réir sin. Imríonn comhdhéanamh sonrach na talún féaraigh tionchar ar shaintréithe céadfacha bhainne na gcaorach, i.e. an blas agus an dea-bholadh. Bíonn an bainne beagáinín milis, níos doimhne, níos tibhe agus níos uachtarúla, agus bíonn ruainníní luibheanna móinéir agus mionbhlasanna féir ann, saintréithe a bhíonn follasach sa táirge próiseáilte.

Le linn an gheimhridh, déantar caoirigh a bheathú le féar tirim móinéir de na cineálacha seimre agus féir thuasluaite.

Cruthaíonn an tsubstráit aolchloiche faoi na móinéir agus na féaraigh ithir chothaitheach agus shaibhir le haghaidh innilt ilchineálach, rud a imríonn tionchar indíreach ach tionchar mór ar cháilíocht bhainne na gcaorach. Tacaíonn an ithir nach bhfuil chomh aigéadach céanna le comhdhéanamh bitheolaíoch sonrach an fhéaraigh: féara agus luibheanna ina bhfuil blátholaí agus cothaithigh, a spreagann táirgeadh níos airde saille bainne. Aistrítear an cion cailciam agus maignéisiam níos airde ón bhfo-ithir chuig na plandaí a ionsúnn na mianraí sin. Déanann sé sin difear d'iontógáil mianraí na n-ainmhithe. Is é sin a thugann na saintréithe speisialta agus an cáilíocht atá ag bainne agus cáis na gcaorach dóibh, agus do 'Liptovská bryndza' ina dhiaidh sin: blas láidir mianrach, atá níos cumhra agus beagáinín spíosrach fiú mar gheall ar na luibheanna, agus an cion saille níos airde a thugann an uigeacht uachtarúil sin dó.

Is táirge é 'Liptovská bryndza' a mbraitheann a airíonna ar an micreaflóra nádúrtha a eascraíonn as na dálaí ithreach agus aeráide sa limistéar sainithe ina mbíonn na caoirigh ag innilt agus ina dtógtar iad.

Tosca daonna

Is ann do charachtar speisialta ‘Liptovská bryndza’ freisin mar gheall ar an bpróiseas táirgthe a forbraíodh agus a dhéantar fós ar an mbealach sin sa limistéar sainithe. Déantar an cháilíocht féin a chinneadh ní hamháin le paraiméadair mhicribhitheolaíocha, fhisiceacha agus cheimiceacha, ach go príomha le taithí na mblianta fada atá ag na táirgeoirí.

Imríonn dálaí tógála agus bainistiú féarach tionchar freisin ar cháilíocht bhainne na gcaorach, rud a chiallaíonn oiriúnú d’athruithe séasúracha, do dhálaí nádúrtha agus d’uainíocht na bhféarach. Is é ullmhú ‘Liptovská bryndza’ — cnapcháis aibí a bhrú agus a mheilt le salann nó tuaslagán salainn — a shocraítear an cháilíocht agus na saintréithe sonracha a bhíonn aige, agus is é an modh táirgthe traidisiúnta sin a dhéanann cáis caorach ar leith de i measc na gceann eile. Bíonn cion ard próitéiní, próibhitheach agus sainmheascán micreabhaictéar in ‘Liptovská bryndza’, is é sin baictéir lachtacha agus giostaí.

Tá forbairt ó bhonn tagtha ar an teicneolaíocht chun ‘Liptovská bryndza’ a tháirgeadh, ó tháirgeadh láimhe go muilte bryndza leictreacha an lae inniu (‘binsí meilte’), ach tá an prionsabal fós mar an gcéanna.

Ní ón mbainne caorach go díreach a ullmhaítear ‘Liptovská bryndza’ ach ó chnapcháis caorach, a n-úsáidtear binid nádúrtha nó thionsclaíoch ina leith chun bainne na gcaorach a ghruthú agus chun mais na cáise a dhéanamh. Aibíonn an chnapcháis ar feadh 2 go 4 seachtaine, ar lena linn a tharlaíonn an coipeadh, rud a imríonn tionchar ar an mblas agus a chuidíonn le forbairt baictéar nádúrtha. Déantar cnapcháis caorach a mheilt ar mhuilte ansin. Le míne agus luas an phróisis meilte, cinntear raimhre agus cion taise ‘Liptovská bryndza’ agus áirithítear nach gcaillltear aon saill. Tar éis an chnapcháis caorach a mheilt agus a mheascadh le salann nó tuaslagán salainn, fágtar ‘Liptovská bryndza’ mar atá ionas go n-éireoidh an blas níos láidre fós; tarlaíonn an coipeadh, agus tagann na hairíonna próibhitheacha chun tosaigh. Is mó ná táirge é ‘Liptovská bryndza’; is é an toradh é ar shaineolas a thugann cineál, traidisiúin agus taithí na dtáirgeoirí sa limistéar sainithe le chéile.

Tá méid suntasach lachtabaictéir ag a bhfuil airíonna próibhitheacha in ‘Liptovská bryndza’. Tá suas le 1 bhilliún miocrorgánach tairbheach i 1 ghram de Liptovská bryndza (atá liostaithe ag Libor Ebringer, Zoltán Mikeš, Milan Boča, Miroslav Ferenčík agus Ľudovít Bergendi ina bhfoilseacháin).

Tionscnaíodh, forbraíodh agus beachtaíodh an modh chun cáiseanna agus ‘Liptovská bryndza’ a tháirgeadh agus a chaomhnú mar gheall ar eolas agus taithí a cuireadh ar aghaidh ó ghlúin go glúin. Sin an chaoi ar coinníodh saintréithe agus cáilíocht an táirge.

Nasc cúisíoch

Is réigiún sléibhe clasaiceach é Liptov ina bhfuil dálaí peidichlíomacha oiriúnacha chun caoirigh a thógáil agus a innilt, agus bainne caorach a phróiseáil ina cháiseanna. Tá traidisiún fada feirmeoireachta caorach i bPoblacht na Slóvaice. Chomh luath leis an 11ú haois, bhí caoirigh ina dtrí cheathrú de mhéid iomlán an bheostoic. Ó bhí na chéad lonnaíochtaí ann, tá leas á bhaint ag na daoine áitiúla as an timpeallacht shléibhtiúil sin: tá an sainbhia áitiúil ‘Liptovská bryndza’ á dhéanamh acu as bainne caorach agus cáis caorach ó shin.

Is léiriú ar charachtar agus cáilíochtaí sonracha ‘Liptovská bryndza’ freisin gur cuireadh an táirge isteach i gclár idirnáisiúnta na hEagraíochta Domhanda um Maoin Thionsclaíoch, atá lonnaithe sa Ghinéiv, an 22 Samhain 1967, i gcomhréir le Comhaontú Liospóin maidir le Sonrúcháin Tionscnaimh a Chosaint agus maidir lena gClárú go hIdirnáisiúnta. Cuireadh an t-ainm ‘Liptovská bryndza’ faoi chosaint freisin faoi chomhaontuithe déthaobhacha agus faoi na doiciméid seo a leanas: Conradh 19 Eanáir 1976 idir Cónaidhm na hEilvéise agus Poblacht Shóisialach na Seicslóvaice maidir le tásca foinse, ainmniúcháin tionscnaimh agus ainmneacha geografacha eile a chosaint, an Comhaontú idir Rialtas Phoblacht Shóisialach na Seicslóvaice agus Rialtas Phoblacht na Portaingéile an 18 Bealtaine 1987 maidir le hainmniúcháin tionscnaimh, sonraí tionscnaimh agus tásca geografacha agus tásca den chineál céanna a chosaint, agus an Comhaontú idir Poblacht Shóisialach na Seicslóvaice agus Poblacht na hOstaire an 20 Eanáir 1981 maidir le hainmniúcháin tionscnaimh, sonraí tionscnaimh agus tásca eile táirgí talmhaíochta agus tionsclaíocha a chosaint.

Ór bán ó réigiún Liptov is ea ‘Liptovská bryndza’ a tháirgtear trí bhíthin próiseas táirgthe teicneolaíochta traidisiúnta.

Tagairt d’fhoilsiú shonraíocht táirge an táisc gheografaigh

https://www.indprop.gov.sk/swift_data/source/2024/OZ%20a%20DIZAJNY/specifikacia_liptovska_bryndza.docx